An Roinn Oideachais
Department of Education

**Nóta Faisnéise TC 0019/2021**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna agus Iar-Bhunscoileanna Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Socruithe Ionadaíochta Sealadacha do Chúntóirí Riachtanais Speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna Aitheanta - An Scoilbhliain 2021/22

## 1. Réamhrá

1.1 Cuireann an Nóta Faisnéise seo fostóirí ar an eolas faoi na socruithe athbhreithnithe don scoilbhliain 2021/22 maidir le clúdach ionaid do roinnt neamhláithreachtaí CRS.

1.2 Aithnítear go leanfaidh an gá a bheidh ag bunscoileanna le clúdach ionaid CRS breise sa scoilbhliain 2021/22 chun cabhrú le déileáil leis an bpaindéim COVID-19.

1.3 Is beart sealadach don scoilbhliain 2021/22 na socruithe athbhreithnithe seo i bhfianaise na gcúinsí eisceachtúla.

## 2. Clúdach ionadaíoch do Shaoire Pearsanta neamh-ionadaíoch

2.1 Mar ghnáthnós, ní íocann an Roinn/BOO clúdach ionaid do na neamhláithreachtaí Saoire Pearsanta seo a leanas:

- Saoire Pósta/Comhpháirtíochta Sibhialta
- Oirniú/Admháil Chreidimh Ball Teaghlaigh
- Finné sa Chúirt
- Scaradh Dlíthiúil
- Saoire Staidéir

2.2 Don scoilbhliain 2021/22, áfach, féadfaidh fostóir CRS ionaid a cheapadh a íocann an Roinn/BOO do Neamhláithreachtaí Pearsanta mar atá liostaithe thuas.

2.3 Chun amhras a sheachaint, ní athraíonn an leasú seo ar shocruithe ionaid teidlíocht CRS aonair dá leithéid de shaoire.

## 3. Saoire a Thaifeadadh

3.1 Meabhraítear d’fhostóirí go gcaithfear gach saoire ceadaithe a thaifeadadh go tráthúil ar an gcóras CÉAL/BOO ábhartha.

## 4. Scaipeadh an Nóta Faisnéise

4.1 Cinntigh le do thoil go scaiptear an Nóta Faisnéise seo ar gach ball den Bhord Bainistíochta/Oideachais agus Oiliúna agus ar gach CRS i d'fhostaíocht, lena n-áirítear iad siúd atá ar chead neamhláithreachta.

4.2 Ba chóir gach ceist a chur faoi bhráid an fhostóra ar dtús agus b'fhéidir gur mhaith leis/léi dul i dteagmháil lena (h)eagraíocht ionadaíoch. Is féidir aon cheisteanna breise a chur chuig an Roinn ag na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

- Fiosruithe maidir le teidlíochtaí: teachersna@education.gov.ie
- Fiosruithe maidir le feidhmiú na socruithe ionadaíochta: NTSPayroll@education.gov.ie

4.3 Is féidir an Nóta Faisnéise seo a rochtain ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

**Clare Butler**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg Téarmaí&Coinníollacha Múinteora/CRS**

**Sinéad Keenaghan**
**Príomhoifigeach**
**Rannóg Párolla**

**28 Meitheamh 2021**